# Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025



# Ag **BnM**, táimid tiomanta d'ionad oibre a chruthú ina bhfuil cothromas, ionchuimsiú agus deiseanna fit fuaite i ngach rud a dhéanaimid.

Léirítear an tiomantas sin inár **dTuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025** agus léirítear inti an dul chun cinn leanúnach i dtreo cultúr cothrom ionchuimsitheach a chruthú.

Léiríonn torthaí na bliana seo ár bhfás leanúnach fiúntach agus ár bhfeidhmíocht láidir ghnó.

Le píblíne fuinnimh in-athnuaite atá ag dul i méid, éachtaí oibríochtúla níos fearr ná riamh, agus béim straitéiseach ar inbhuanaitheacht, táimid diongbháilte i gcónaí maidir le haistriú fuinnimh ghlais na hÉireann a bhaint amach agus a chinntiú san am céanna go bhforbróidh ár n-ionad oibre i gcomhréir lenár luachanna.

Agus aistriú fuinnimh in-athnuaite na hÉireann á chur chun cinn againn, tá ár ndaoine fós lárnach dár rath. Leanaimid orainn ag infheistiú i dtionscnaimh a thógann píblíne tallainneéagsúil, a fheabhsaíonn taithí na bhfostaithe, agus a chothaíonn solúbthacht agus folláine.

Táimid ag díriú ar leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i gcláir forbartha, deiseanna dul chun cinn gairme a chruthú, agus timpeallacht ionchuimsitheach a chothú inar féidir le gach duine éirí leo.

Cé go n-aithnímid an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir lenár dtuarascáil ar an mbearna phá idir na hinscní, aithnímid gur tosaíocht leanúnach í timpeallacht oibre éagsúil ionchuimsitheach a thógáil agus ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh i gcónaí feabhas leanúnach a dhéanamh.

Leanfaimid orainn ag díriú ar phíblíne tallainne éagsúil a fhorbairt, ag cinntiú go mbeidh an tacaíocht agus na deiseanna ag gach comhghleacaí fás, dul chun cinn agus cur le rath BnM mar phríomhchuideachta fuinnimh in-athnuaite.

I mbliana, is cúis bhróid dúinn **athrú ar an mbearna phá idir na hinscní** a thuairisciú, agus mná ag tuilleamh níos mó ná fir ar mheánphá agus ar phá airmheánach in aghaidh na huaire. Cuireann an toradh seo ár mbéim leanúnach ar chothromas pá agus ar dheiseanna gairme do chách i dtábhacht.

# Ár gCompás
## Treoir a thabhairt maidir le Cé muid féi

In 2025, thug BnM **Ár gCompás** isteach, a shainíonn ár gCuspóir, Fís, Misean, Luachanna, agus Tairiscint um Luach Fostaithe - ag treorú cé muid féin agus conas a oibrímid le chéile.

**Cuspóir**
Cuidiú le hÉirinn bheith glan-nialascach trí leas a bhaint as cumhacht ár ndaoine agus ár n-acmhainní nádúrtha.

**Fís**
An t-aistriú fuinnimh in-athnuaite a stiúradh agus timpeallacht nádúrtha na hÉireann a athshlánú.

**Misean**
Todhchaí inbhuanaithe a chruthú trí fhuinneamh in-athnuaite a fhorbairt agus réitigh aeráide a sholáthar a rachaidh chun tairbhe do na glúnta atá le teacht.

## Luachanna

Déanann ár Luachanna cur síos ar cé muid féin agus ar an gcaoi a n-oibrímid le chéile chun ár gcuspóir a bhaint amach.

> **Dírithe ar Dhaoine**
> Tugaimid aire dá chéile, dár bpobail agus dár dtodhchaí chomhroinnte.

> **Gníomhú le Misneach**
> Tugaimid dúshlán dúinn féin smaoineamh ar bhealach- difriúil agus cinntí misniúla a dhéanamh chun tionchar buan a imirt.

> **Aontaithe le haghaidh Tionchair**
> Oibrímid i gcomhar le chéile ar fud foirne agus réimsí chun torthaí tábhachtacha a bhaint amach.

> **Beart a dhéanamh le Bród**
> Glacaimid úinéireacht, déanaimid ceiliúradh ar rath, agus táimid bródúil as an méid a bhainimid amach le chéile**.**

> **Athghiniúint go Buan**
> Gníomhaímid inniu chun ár dtimpeallacht a athshlánú agus a chothú do na glúnta atá le teacht.

## Tairiscint um Luach Fostaithe

> **Cuspóir**
> Cuireann gach ról le huaillmhian na hÉireann a bheith glan-nialasach.

> **Cultúr**
> Timpeallacht ionchuimsitheach thacúil ina bhfásann daoine agus ina n- oibríonn siad i gcomhar le chéile.

> **Ceannaireacht Spreagúil**
> Ceannairí a leagann amach treoir, a spreagann muinín, agus a chumasaíonn torthaí fiúntacha.

# Ár mBéim Straitéiseach do 2025 agus ina dhiaidh sin

- **Dul chun cinn agus trédhearcacht a chothú**
  Féachaint leis an athrú ar ár mbearna phá a choinneáil le hanailís rialta phá agus deiseanna gairme cothroma.

- **Ionadaíocht agus Cothromaíocht Cheannaireachta a Fheabhsú**
  Tógáil ar rath ár gClár Meantóireachta do Mhná chun ionadaíocht chothrom a bhaint amach ag na leibhéil shinsearacha.

- **Earcaíocht agus Coinneáil Ionhuimsitheach**
  Comhpháirtíochtaí le hIonad Éagsúlachta na hÉireann (Creidiúnú Airgid) a choinneáil ar bun agus straitéisí tarraingthe agus coinneála a chuireann le lucht saothair éagsúil a neartú.

- **Solúbthacht agus Folláine a Chumhachtú**
  Beartais oibre hibridí a fhorbairt, tionchar na mbeartas ionchuimsitheach a threisiú amhail an Beartas um Meanapás agus an Beartas um Fhoréigean & Mí-Úsáid Baile mar thacaíochtaí riachtanacha do mhná, agus imeachtaí a óstáil lena gcuirtear an mheabhairshláinte agus an t- ionchuimsiú chun cinn.

- **Cultúr agus Cuntasacht**
  Ár dTairiscint um Luach Fostaithe a bheith fite fuaite in iompraíochtaí laethúla, le tacaíocht ó oiliúint ar cheannaireacht ionchuimsitheach agus ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach.

# Ár bhFís Fhadtéarmach

**Trí Phrionsabail an Chomhionannais, na hÉagsúlachta agus an Ionchuimsithe a bheith fite fuaite i ngach gné dár n-oibríochtaí, tá sé d'aidhm againn:**

- Deiseanna cothroma pá agus dul chun cinn a chinntiú do chách.
- Ionadaíocht na mban i róil shinsearacha agus theicniúla a mhéadú.
- Cultúr san ionad oibre a thógáil ina ndéantar éagsúlacht a cheiliúradh agus ina mothaíonn gach fostaí go bhfuil meas orthu, go dtacaítear leo agus go bhfuil siad san áireamh.

In éineacht lenár bhfostaithe, tá eagraíocht á tógáil againn a léiríonn na pobail éagsúla a bhfreastalaímid orthu — agus lucht saothair atá réidh chun athrú fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a stiúradh.

# Aguisín
# Ceanglais Tuairiscithe 2025 maidir leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021

**Roghbhlúire an 30 Meitheamh 2025**

Leagtar amach sa tábla thíos an bhearna phá idir na hinscní in aghaidh na huaire ar fud raon méadrachtaí mar a cheanglaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Baineann na sonraí a leagtar amach thíos le Fostaithe PÉ agus tá siad bunaithe ar an tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 30 Meitheamh 2025.

| Ceanglais maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní | Céatadán 2025 | |
|---|---|---|
| An Mheánbhearna Phá idir na hInscní in aghaidh na huaire (Uile) | -13.99% | |
| An Mheánbhearna Phá idir na hInscní in aghaidh na huaire (Páirtaimseartha) | -21.52% | |
| An Mheánbhearna Phá idir na hInscní in aghaidh na huaire (Conradh Sealadach) | 38.57% | |
| An Bhearna Airmheánach Phá idir na hinscní in aghaidh na huaire (Uile) | -11.15% | |
| An Bhearna Airmheánach Phá idir na hinscní in aghaidh na huaire (Páirtaimseartha) | -35.77% | |
| An Bhearna Airmheánach Phá idir na hinscní in aghaidh na huaire (Conradh Sealadach) | 38.57% | |
| An Mheánbhearna Phá idir na hInscní in aghaidh na huaire a Bhaineann le Bónas Feidhmíochta (Uile) | -25.15% | |
| An Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní in aghaidh na huaire a Bhaineann le Bónas Feidhmíochta (Uile) | -3.84% | |
| | **Fireann** | **Baineann** |
| Céatadán na bhFostaithe in aghaidh na hInscne a bhfaighidh luach saothair bónais a bhaineann le feidhmíocht | 36.01% | 47.66% |
| Céatadán na bhFostaithe in aghaidh na hInscne a bhfaighidh sochar comhchineáil | 10.27% | 11.49% |
| Céatadán na bhFostaithe laistigh den cheathairíl luacha saothair níos ísle | 73.56% | 26.44% |
| Céatadán na bhFostaithe laistigh den cheathairíl mheánluacha saothair | 85.82% | 14.18% |
| Céatadán na bhFostaithe laistigh den cheathairíl mheánluacha saothair uachtarach | 81.23% | 18.77% |
| Céatadán na bhFostaithe laistigh den cheathairíl luacha saothair uachtarach | 69.23% | 30.77% |